Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Oifigeach Nuálaíochta Gaeilge, Gaeilge365 (Ról Dátheangach)

## Faisnéis d'Iarrthóirí
## Aibreán 2026

**Maidir le Comhairle Contae Fhine Gall**

Áit rítharraingteach chun cónaí, obair agus gnó a dhéanamh ann agus chun cuairt a thabhairt air is ea Fine Gall. Cuimsíonn sí limistéar geografach is ionann agus 450 ciliméadar cearnach, ó Bhaile Brigín sa tuaisceart, go Baile Bhlainséir san iarthar agus go Binn Éadair san oirthear. Is saintréithe den limistéar iad éagsúlacht a thírdhreacha agus a phatrúin lonnaíochta, áit a bhfuil láithreacha tuaithe, láithreacha uirbeacha agus láithreacha fo-uirbeacha fite fuaite in aon chontae amháin. Is ann d'imeallbhord 88 km, do thrí inbhear chosanta mhóra, do ghnáthóga réisc goirt agus do 13 thrá mhóra.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ar cheann de mhórfhostóirí áitiúla an chontae, agus tá thart ar 1,600 ball foirne fostaithe aici faoi láthair. Tá sé de shainordú ag an gComhairle raon éagsúil feidhmeanna agus seirbhísí a sholáthar ar féidir cur síos ginearálta a dhéanamh orthu faoi na ceannteidil seo a leanas: soláthar bonneagair fhisiciúil agus shóisialta; tithíocht; forbairt eacnamaíoch agus turasóireachta; forbairt pobail; seirbhísí áineasa agus taitneamhachta; agus bainistíocht an chreata rialála pleanála agus comhshaoil. Is é ról na Comhairle Contae, mar a fhoráiltear sa dlí, ionadaíocht a dhéanamh do phobail Fhine Gall, iad a threorú agus freastal orthu.

## 1. An Ról

Is é is Gaeilge365 ann ná tionscnamh suaitheanta atá tiomanta don Ghaeilge a phríomhshruthú isteach sa saol poiblí i mBaile Átha Cliath, agus tiomantas Chlár an Rialtais don nuálaíocht Ghaeilge a leathnú á ailíniú ar fud na n-údarás áitiúil. Is é príomhaidhm an tionscadail seo ná cur chuige nuálach a chur i bhfeidhm chun níos mó deiseanna a chruthú don phobal an Ghaeilge a labhairt trí sheirbhísí Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá an tionscadal á chistiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta agus tá sé ina chuid de chlár réigiúnach i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, le Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus réigiún Bhaile Átha Cliath ar fad á fholú dá réir.

Tá Comhairle Contae Fhine Gall ag earcú Oifigeach Nuálaíochta Gaeilge (Grád an Oifigigh Shinsearaigh Foirne) chun soláthar an chláir Gaeilge365 laistigh d'Fhine Gall a stiúradh. Beidh páirt lárnach ag an ról seo ina chinntiú go gcuirfear straitéis teanga uaillmhianach Fhine Gall chun feidhme go héifeachtach ar an leibhéal áitiúil, agus i rannchuidiú leis an dea-chleachtas náisiúnta ag an am céanna.

Díreoidh an tOifigeach Nuálaíochta Gaeilge ar an nGaeilge a leabú isteach i ngnáthoibríochtaí laethúla Chomhairle Contae Fhine Gall, agus é/í ag tacú le forbairt foirne agus ag cur tionscnaimh straitéiseacha i gcrích lena méadófar na deiseanna a bheidh ag muintir Bhaile Átha Cliath an Ghaeilge a úsáid ina bpobail, ina n-áiteanna oibre agus ina saol cultúrtha.

Oibreoidh an tOifigeach Nuálaíochta Gaeilge le foireann réigiúnach Gaeilge365 ar fud cheithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath.

**Ní mór iarratais ar an ról seo a chur isteach i nGaeilge.**

**Déanfar an t-agallamh don phost seo trí Ghaeilge.**

## 2. Dualgais

Áireofar na dualgais seo a leanas le dualgais phost an Oifigigh Nuálaíochta Gaeilge, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Soláthar Gaeilge365 laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall a stiúradh, agus ailíniú le straitéisí corparáideacha agus leis an gclár Gaeilge365 á chinntiú.
- Sraith forbairtí teanga a fhorbairt lena spreagfar méaduithe intomhaiste sa líon deiseanna an Ghaeilge a labhairt ar fud Bhaile Átha Cliath.
- Feachtais agus tionscadail atá dírithe ar an bpobal a fhorbairt, ar tionscadail iad lena dtabharfar páirt do bhaill foirne, do chomhpháirtithe agus don phobal i gcoitinne i bhforbairt teanga.
- Comhoibriú le comhpháirtithe seachtracha chun éiceachóras forbartha teanga a thógáil ar fud Bhaile Átha Cliath.
- Ionadaíocht a dhéanamh do Chomhairle Contae Fhine Gall ag imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta ag a gcuirfear forbairt teanga chun cinn.
- Rannchuidiú le pleanáil straitéiseach chun Baile Átha Cliath a shuíomh mar cheannaire i seirbhísí poiblí dátheangacha.
- Torthaí an chláir a rianú, agus tuairisciú a dhéanamh ar phríomhtháscairí feidhmíochta do gheallsealbhóirí inmheánacha agus do gheallsealbhóirí seachtracha.
- Measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtionscadal, agus straitéisí a fhorbairt le haghaidh feabhas leanúnach.
- Tabhairt faoi dhualgais eile a thiocfaidh chun cinn, ar dualgais iad a bheidh ailínithe le spriocanna an chláir Gaeilge365.

Is faoi mhaoirseacht ghinearálta a chuirtear na cúraimí sin i gcrích, ar cúraimí iad atá táscach agus nach bhfuil uileghabhálach.

Beidh ar dhaoine a bheidh ceaptha obair in aon láthair laistigh de limistéar riaracháin Fhine Gall.

## 3. Cáilíochtaí agus Ceanglais an Phoist

**CARACHTAR**

Ní mór do gach iarrthóir a bheith ina d(h)uine dea-charachtair.

**SLÁINTE**

Beidh ag iarrthóirí staid sláinte a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeidh siad in ann seirbhís éifeachtúil thráthrialta a sholáthar.

**OIDEACHAS, OILIÚINT, TAITHÍ, ETC.**

Ní mór d'iarrthóirí, ar an dáta is deireanaí ar a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe:

**(i)** (a) Grád D (nó pas) ar a laghad a bheith faighte acu i bpáipéir Ardleibhéil nó Ghnáthleibhéil i gcúig ábhar (nó ceithre ábhar, má tá Gaeilge ar áireamh) ón liosta ceadaithe ábhar i Scrúdú Ardteistiméireachta Bunaithe nó Gairmchlár

Ardteistiméireachta na Roinne Oideachais, lena n-áirítear Gaeilge agus/nó Béarla agus ceann amháin de na hábhair seo a leanas: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagrú Gnó nó Eacnamaíocht, **agus**

(b) Grád C (nó Onóracha) ar a laghad a bheith faighte acu i bpáipéir Ardleibhéil (nó Onóracha) i dtrí ábhar sa scrúdú sin (nó dhá ábhar má tá Gaeilge agus/nó ceann amháin de na hábhair seo a leanas ar áireamh: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagrú Gnó nó Eacnamaíocht), **nó**

(ii) caighdeán inchomparáide a bheith faighte aige/aici i scrúdú coibhéiseach, **nó**

(iii) cáilíocht tríú leibhéal ar chaighdeán céime ar a laghad a bheith acu

**AGUS**

(iv) ardchaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa a bheith acu

**Beidh ag an iarrthóir is fearr:**

- Céim tríú leibhéal (leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) nó cáilíocht ghairmiúil i ngnó, in eacnamaíocht, i bpolaitíocht, i nGaeilge nó i ndisciplín gaolmhar.
- Dhá bhliain de thaithí oibre i réimse ábhartha, mar aon le taithí láidir ar nuálaíocht.
- Tuiscint láidir ar na comhthéacsanna Gaeilge san earnáil phoiblí, san earnáil pobail agus san earnáil dheonach agus ar na deiseanna a ghabhann leis an teanga.
- Taithí ar cheannaireacht a chothú, ag leibhéal an phobail agus i measc baill foirne araon.
- An cumas chun deiseanna nua a shainaithint agus chun réitigh a fhorbairt le haghaidh an Ghaeilge a leabú isteach sa saol poiblí, go háirithe i suíomhanna uirbeacha agus éagsúla.
- Taithí ar threoirthionscnaimh a chur i gcrích, agus an cumas chun iad a uas-scálú nuair a éiríonn leo agus chun aon léargais fhoghlamtha a úsáid.
- An cumas chun comhpháirtíochtaí a thógáil ar fud earnálacha éagsúla agus déimeagrafaigh éagsúla agus chun leas a bhaint astu, agus an cumas chun rannpháirteachas a bhrú chun cinn agus chun tairbhe a bhaint as acmhainní nua le haghaidh forbairt teanga.
- An cumas chun tionchair an chláir a mheas trí úsáid a bhaint as sonraí agus as anailísíocht chun straitéisí a bheachtú, chun cistiú a áirithiú, agus chun toradh ar infheistíocht san fhorbairt teanga a chruthú.

**Is féidir go ndéanfar iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na gcritéar atá liostaithe thuas don iarrthóir is fearr.**

## 4. An Próiseas Roghnúcháin:

Forchoimeádann Comhairle Contae Fhine Gall an ceart chun iarratais a ghearrliostú, más gá. Ní hé sin le rá gur féidir go mbeidh aon iarrthóir neamhoiriúnach nó neamhábalta dualgais an phoist fhógartha a chomhlíonadh. Ina ionad sin, táthar ag rá gur féidir go mbeidh iarrthóirí ann a léirigh go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos iomchuí acu.

Is é an t-údarás áitiúil a chinnfidh ó am go chéile an líon daoine a dtabharfar cuireadh dóibh sna himthosca sin chun dul faoi agallamh, agus aird á tabhairt ar an líon dóchúil folúntas atá le líonadh.

**Céim 1: Scagadh Tosaigh**
Ar an gcéad dul síos, déanfar scagadh ar gach iarratas a bheidh faighte faoin dáta/am is déanaí le haghaidh iarratais chomhlánaithe a fháil ó thaobh incháilitheachta i gcomhréir leis na cáilíochtaí don phost mar atá leagtha amach sa leabhrán seo agus mar atá dearbhaithe ag an Aire don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi alt 160 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

**Céim 2: Gearrliostú**
Is féidir go ndéanfar an t-iarratas ó gach iarrthóir a mheasúnú in aghaidh critéir réamhchinntithe atá bunaithe ar cheanglais an phoist mar atá leagtha amach sa leabhrán seo. Tá sé faoin iarratasóir, agus faoin iarratasóir amháin, cuntas mionsonraithe cruinn ar na cáilíochtaí agus/nó an taithí atá aige/aici a thabhairt ina f(h)oirm iarratais agus breac-chuntas a thabhairt ar ábharthacht a t(h)aithí sna samplaí a thugtar.

**Céim 3: Agallamh**
Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí a n-éiríonn leo sa phróiseas gearrliostaithe chun freastal ar agallamh/agallaimh. Déanfaidh Comhairle Contae Fhine Gall a dícheall fógra leordhóthanach faoin agallamh a thabhairt do na hiarrthóirí gearrliostaithe. Ina dhiaidh sin, beidh sé faoin iarrthóir é/í féin a chur ar fáil ar an dáta agus ag an am atá roghnaithe. Iarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallamh, meastar go mbeidh a n-iarratas tarraingthe siar ón gcomórtas acu. Is iad na hiarrthóirí féin a íocfaidh aon chaiteachais a thabhóidh siad as freastal ar agallamh.

Bunóidh an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, an Rannóg Seirbhísí Daoine, nó oifigeach ainmnithe eile, bord agallaimh neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar na hiarrthóirí atá gearrliostaithe le haghaidh agallaimh. De ghnáth, beidh an bord agallaimh comhdhéanta de Chathaoirleach agus de bheirt bhall eile, a mbeidh saineolas acu ar an réimse iomchuí. Is é cuspóir an bhoird agallaimh na hiarrthóirí is fearr a chomhlíonann na critéir oibiachtúla agus na hinniúlachtaí is gá le haghaidh an phoist a shainaithint agus iad a chur in ord fiúntais.

Iarrthóirí a n-éiríonn leo san agallamh, cáileofar iad in ord fiúntais le haghaidh ceapacháin chuig an bpost mar Oifigeach Nuálaíochta Gaeilge agus cuirfear ar phainéal iad. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtiocfaidh tairiscint poist as áit ar phainéal i ngach cás. Ní bheidh an próiseas roghnúcháin críochnaithe go dtí go mbeidh tagairtí iarrtha agus go dtí go mbeidh seiceálacha imréitigh, i.e., grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, sláinte cheirde, fíorú cáilíochtaí oideachais, etc., déanta chun sástacht na Comhairle.

## 5. Sochair
I gComhairle Contae Fhine Gall, bíonn meas againn ar ár bhfostaithe agus ba mhaith linn tacú leo a ngairmeacha beatha a fhorbairt. Cuirimid socruithe solúbtha oibre, tuarastail iomaíocha, sochair iomaíocha phinsin, timpeallacht dhearfach oibre, deiseanna oiliúna

agus forbartha, conair shainithe ghairme i gcultúr tacúil cuimsitheach agus an deis difear a dhéanamh ar fáil, mar aon leis na sochair seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ➢ Is é 9am go 5pm an gnáthlá oibre | ➢ Cothromaíocht Oibre is Saoil den scoth, mar aon le Scéimeanna a Thacaíonn le Teaghlaigh amhail Bliain Oibre Níos Giorra agus Comhroinnt Oibre |
| ➢ Deiseanna le haghaidh ardú céime agus le haghaidh forbairt gairme | ➢ An Clár um Chúnamh agus Folláine Fostaithe |
| ➢ Scéim Pinsean | ➢ Tá Obair Chumaisc ar fáil – suas le dhá lá sa tseachtain |
| ➢ Oiliúint leanúnach agus tacaíocht ardoideachais | ➢ An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |

## 6. Mionsonraí Fostaíochta

Is fostaíocht lánaimseartha, bhuan agus inphinsin í an fhostaíocht. Maidir le daoine a éireoidh ina bhfostaithe inphinsin d'údarás áitiúil agus a bheidh faoi dhliteanas i leith ráta Aicme A de ranníocaíocht ÁSPC a íoc, ceanglófar orthu, i leith a n-aoisliúntais, ranníocaíocht a dhéanamh leis an údarás áitiúil ag ráta 1.5% dá luach saothair inphinsin, móide 3.5% dá nglanluach saothair inphinsin (i.e., luach saothair inphinsin lúide suim atá cothrom le dhá oiread an ráta bhliantúil den phinsean ranníocach seanaoise árachais shóisialaigh is iníoctha ag an ráta uasta le duine nach bhfuil aon chleithiúnaí aosach ná aon leanbh cáilithe aige/aici).

Maidir le daoine a éireoidh ina bhfostaithe inphinsin d'údarás áitiúil agus a bheidh faoi dhliteanas i leith ráta Aicme D de ranníocaíocht ÁSPC a íoc, ceanglófar orthu, i leith a n-aoisliúntais, ranníocaíocht a dhéanamh leis an údarás áitiúil ag ráta 5% dá luach saothair inphinsin.

Maidir le gach duine a éireoidh ina bhfostaithe inphinsin d'údarás áitiúil, ceanglófar orthu, i leith na Scéime Fostaithe Rialtais Áitiúil (Pinsean Ranníocach do Chéilí agus Leanaí), ranníocaíocht a dhéanamh leis an údarás áitiúil ag ráta 1.5% dá luach saothair inphinsin de réir théarmaí na Scéime.

**PROMHADH**

(a) is ar promhadh a shealbhóidh na daoine sin an fhostaíocht sin ar feadh tréimhse tar éis theacht i bhfeidhm na fostaíochta,

(b) cé go mairfidh an tréimhse sin bliain amháin, féadfaidh an Príomhfheidhmeannach an tréimhse a fhadú dá rogha,

(c) scoirfidh na daoine sin d'fhostaíocht a shealbhú ag deireadh na tréimhse promhaidh ach amháin i gcás, le linn na tréimhse sin, go ndeimhneoidh an Príomhfheidhmeannach seirbhís na ndaoine sin a bheith sásúil.

**TUARASTAL**
**€57,895 – €59,276 – €60,960 – €64,126 – €66,017 – €68,367 LSI1 – €70,730 LSI2 in aghaidh na bliana.**

Cuirfear daoine nach fostaithe údaráis áitiúil reatha iad ag íosphointe an scála.

Íocfaidh sealbhóirí an phoist leis an údarás áitiúil aon táillí nó aon airgead eile (seachas a dtuarastal cuimsitheach) is iníoctha leo nó a fhaigheann siad de bhua a bpoist nó i leith aon seirbhísí a gceanglaítear orthu faoi aon achtachán nó le haon achtachán iad a chomhlíonadh.

## SAORÁNACHT

Ní mór d'iarrthóirí, faoi dháta aon tairisceana poist:

a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; nó
c) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó
d) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar céile nó leanbh é nó í le saoránach de chuid LEE, de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
e) A bheith ina nduine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta dó nó di faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó ina mball teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
f) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar tuismitheoir é nó í le leanbh cleithiúnach ar saoránach agus cónaitheach é nó í de chuid ballstát de LEE nó de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

## SLÁINTE

Chun an ceanglas sláinte a shásamh, beidh ar na hiarrthóirí rathúla, sula bhfostófar iad, dul faoi scrúdú leighis ag lia-chleachtóir cáilithe a bheidh le hainmniú ag an Údarás Áitiúil.

## AOIS SCOIR

Is é 70 bliain d'aois an aois scoir.

## EARCAÍOCHT

Ceanglóidh an t-údarás áitiúil ar dhuine a dtairgfear fostaíocht dó/di glacadh le fostaíocht den sórt sin laistigh de thréimhse nach mó ná sé seachtaine agus, más rud é nach nglacfaidh sé/sí leis an bhfostaíocht laistigh den tréimhse sin nó laistigh de cibé tréimhse níos faide a chinnfidh an t-údarás áitiúil dá lánrogha féin, ní fhostóidh an t-údarás áitiúil an duine.